2022. S39T

2022J052C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2022

# Eacnamaíocht Bhaile

## Comhleibhéal

## Dé Céadaoin 15 Meitheamh Maidin 9:30 - 11:00

320 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Mar shampla, cuirtear
3 Feabhra isteach mar 0302

**Stampa an Ionaid**

| Don Scrúdaitheoir Amháin | | |
|---|---|---|
| **Ceist** | **Sc.** | **Sc. Comh.** |
| A | | |
| 11 | | |
| 12 | | |
| 13 | | |
| Iomlán | | |
| Bónas | | |
| **Móriom.** | | |
| Grád | | |

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | 80 marc | 10 gceist |
| Roinn B | 240 marc | 3 cheist |

Freagair gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ní ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh graf, sceitsí agus léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí ar na spásanna atá ann dóibh sa leabhrán scrúdaithe seo.

Tá spás breise ar fáil i gcúl an leabhráin scrúdaithe seo. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Ní mór duit an leabhrán scrúdaithe seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.


**Admhálacha**

**Íomhánna**

Íomhá ar leathanach 3: wukhealth.org; thecatvet.co.uk
Íomhá ar leathanach 4: thetoothdoctortampa.com; bbcgoodfood.com; argos.ie
Íomhá ar leathanach 5: tupperwarebrands.com
Íomhá ar leathanach 6: adweek.com; homedit.com
Íomhá ar leathanach 7: water.ie; gettyimages 136258139
Íomhá ar leathanach 8: nbcnews.com; gettyimages.ie
Íomhá ar leathanach 9: clipartkey.com; cleanpng.com
Íomhá ar leathanach 10: icon-library.com
Íomhá ar leathanach 11: insideretail.asia
Íomhá ar leathanach 12: indi.ie
Íomhá ar leathanach 13: ncf.no; clipartkey.com
Íomhá ar leathanach 14:teamwear.ie
Íomhá ar leathanach 15: carlingfordandcooleypeninsula.ie; presentermedia.com
Íomhá ar leathanach 16: clipart-library.com
Íomhá ar leathanach 17: teerify.com; blog.policyexpert.co.uk

## Roinn A — 80 marc

Freagair gach ceist.

**Ceist 1**



Tá an tsábháilteacht riachtanach sa teach le cosc a chur ar ghortú.

**(a)** Déan cur síos ar **dhá** riail sábháilteachta atá le leanúint nuair atá oibreáin ghlantacháin á stóráil agat sa teach.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |

**(b)** Luaigh an t-eolas a chuireann an tsiombail seo, a thaispeántar ar an mbuidéal, in iúl don tomhaltóir.




| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2**

Mínigh an téarma traséilliú agus tabhair sampla **amháin** ar conas is féidir é a cosc nuair a bhíonn bia á ullmhú nó á stóráil agat.

| |
|---|
| **Traséilliú** |
| |
| |
| **Traséilliú a chosc** |
| |
| |

**Ceist 3**



**Má bhíonn réim bhia shláintiúil agat beidh fiacla sláintiúla agat.**

**(a)** Sainaithin **dhá** bhealadh inar féidir le réim bhia duine tionchar a imirt ar a fhiacla/fiacla.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| **2.** |
| |

**(b)** Luaigh **dhá** threoirlíne atá le leanúint agus cúram á thabhairt do do chuid fiacla.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| **2.** |
| |

**Ceist 4**




Cuir in iúl le tic (✓) cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| **Cócaireacht** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Is é an modh aistrithe teasa a úsáidtear nuair a dhéantar bia a fhriochadh ná seoladh | | |
| Is é an modh aistrithe teasa a úsáidtear nuair a dhéantar bia a bheiriú ná radaíocht | | |
| Is é an modh aistrithe teasa a úsáidtear nuair a dhéantar bácáil ná comhiompar | | |

**Ceist 5**

Dúirt dochtúir Sheáin leis go bhfuil leibhéal ard colaistéaróil aige.




**(a)** Ainmnigh fadhb shláinte **amháin** a bhaineann le colaistéaról ard.

| |
|---|
| |

**(b)** Mínigh **dhá** threoirlíne pleanála béilí atá le leanúint nuair a bhíonn béilí á bpleanáil le haghaidh duine a bhfuil colaistéaról ard aige/aici.

| |
|---|
| **1**. |
| |
| |
| **2**. |
| |
| |

**Ceist 6**

Sainaithin an focal ceart as an liosta seo a leanas chun gach ceann de na habairtí seo a leanas a chríochnú.

| **Amaláis** | **Peipsin** | **an t-imfháscadh** | **Domlas** |
|---|---|---|---|

**1.** Cuidíonn ________________________ le stáirse a bhriseadh síos sa bhéal.

**2.** Is é ________________________ an ghluaiseacht mhatánach i gconair an díleá.

**3.** Tosaíonn ________________________ briseadh síos próitéine sa ghoile.

**4.** Briseann ________________________ saillte síos ina mbraoiníní sa ghoile.

**Ceist 7**



Mínigh conas a bheadh tionchar ag na gnéithe seo a leanas ar an rogha a dhéanann duine maidir le héadaí:

| |
|---|
| **1. An áit a ndéantar na héadaí** |
| |
| |
| **2. Daoine eile** |
| |
| |

**Ceist 8**



Mínigh conas a bhaintear an prionsabal dearaidh 'béim' amach sa seomra sa phictiúr thuas.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 9**



Is é an t-uisce ceann de na hacmhainní is luachmhaire atá ag Éirinn.

Déan cur síos ar conas a d'fhéadfá an méid uisce a úsáidtear sa teach a laghdú i ngach ceann de na háiteanna seo a leanas:

| |
|---|
| **1. An chistin** |
| |
| |
| **2. An seomra folctha** |
| |
| |
| **3. An gairdín** |
| |
| |

**Ceist 10**

'Diúscraítear aon trian den bhia a cheannaímid sa bhosca bruscair.'
(*www.stopfoodwaste.ie*)



Mínigh conas is féidir dramhbhia a laghdú nuair a dhéantar bia a roghnú, a ullmhú agus a stóráil.

| |
|---|
| **Bia a roghnú** |
| |
| |
| **Bia a ullmhú** |
| |
| |
| **Bia a stóráil** |
| |
| |

| Roinn B | 240 marc |
|---|---|

Freagair gach ceist.

**Ceist 11**



**(a)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le teaghlaigh a bheith ag ithe béilí le chéile.

| |
|---|
| **1**. |
| |
| |
| **2**. |
| |
| |

**(b)** Is féidir costas íseal a bheith ar bhéilí teaghlaigh nuair a bhaintear úsáid as fuílleach bia.



**(i)** Sainaithin **dhá** threoirlíne shábháilteachta bia atá le leanúint nuair a bhaintear úsáid as fuílleach bia.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| **2.** |
| |

**(b)** Nuair a dhéantar fuílleach bia a théamh arís is féidir leis vitimíní uiscethuaslaghtha a chailleadh.

**(ii)** Déan cur síos ar conas a d'fhéadfá an méid vitimíní i mbéilí a mhéadú nuair a bhaintear úsáid as fuílleach bia.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)**



**Próiseálaí Bia**



**Oigheann Micreathonnach**

Roghnaigh gléas **amháin** as na pictiúir thuas. Déan measúnú ar conas a bheadh an gléas a roghnaigh tú mar chuidiú duit agus bia á ullmhú agat.

| **Gléas roghnaithe** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |


**(d)** **(i)** Luaigh **dhá** shlí ina bhféadfadh an teaghlach úsáid a bhaint as an idirlíon agus béilí teaghlaigh á bpleanáil acu.

| **1.** |
|---|
| |
| **2.** |
| |

**(d)** **(ii)** Pléigh **trí** threoirlíne is cóir do thuismitheoirí a leanúint chun a leanaí a chosaint nuair a bhíonn an t-idirlíon in úsáid acu.

| |
|---|
| **1**. |
| |
| |
| **2**. |
| |
| |
| **3**. |
| |
| |

**(e)** Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) uair an chloig amháin ar a mhéad in aghaidh an lae mar am ar scáileán do leanaí atá faoi bhun cúig bliana d'aois.



Cosain **trí** chúis chun tacú leis an moladh seo.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| **2.** |
| |
| **3.** |
| |

**(f)** ‘Leanann an tsiopadóireacht ar líne uirthi ag fás go fóill.’ *RTÉ Aibreán 2019*



Ainmnigh dlí **amháin** a thugann cosaint don tomhaltóir agus é/í ag siopadóireacht ar líne. Déan cur síos ar conas a thugann an dlí a d’ainmnigh tú cosaint don tomhaltóir.


| **Ainm an dlí** |
|---|
| |
| **Déan cur síos ar conas a thugann an dlí cosaint don tomhaltóir** |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 12**

Is scoláire sa tSraith Shóisearach é Colm atá tughta don aclaíocht. Tá réim bia shláintiúil agus chothromaithe aige agus ólann sé dhá lítear uisce gach lá.



**(a)** **(i)** Dear biachlár bricfeasta sláintiúil agus cothromaithe ina bhfuil **trí chúrsa** do Cholm le hithe ag an deireadh seachtaine.




**(ii)** Déan cur síos ar **thrí** threoirlíne pleanála béilí a lean tú agus biachlár bricfeasta Choilm á phleanáil agat.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| **3.** |
| |
| |

**(b)** Itheann Colm barra gránaigh mar shneaic. Thíos tá lipéid bia de dhá bharra gránaigh.

| **Barra in aghaidh an riar** | **Fuinneamh KJ** | **Próitéin g** | **Saill g** | **Ar saill sháithithe í g** | **Carbaihiodráití g** | **Siúcra g** | **Siombail** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *Barra meala agus coirce* | 593 KJ | 4.7 g | 7.8 g | 0.9 g | 12 g | 4.1 g |  |
| *Barra úill agus rísíní* | 511 KJ | 1.7 g | 4.6 g | 0.5 g | 31 g | 7.5 g |  |

**(i)** Agus na treoirlínte don itheachán sláintiúil á gcur san áireamh agat agus ag baint úsáid as an eolas sa lipéid bia thuas, mol barra gránaigh **amháin** do Cholm.

**(ii)** Cosain **trí** chúis chun tacú le do rogha.

**1**.

**2**.

**3**.

**(c)** Cén t-eolas a chuireann an tsiombail a thaispeántar in iúl don tomhaltóir?



**(d)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le huisce a chur san áireamh sa réim bia.

| |
|---|
| **1**. |
| |
| |
| **2**. |
| |
| |



**(e)** Tá feisteas spóirt nua ag Colm.

**(i)** Sainaithin **dhá** threoirlíne ar chóir do Cholm iad a leanúint sula níonn sé a fheisteas spóirt.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| **2.** |
| |

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** shlí inar féidir le Colm a bheith neamhdhíobhálach don timpeallacht agus é ag ní éadaí.

| |
|---|
| **1**. |
| |
| |
| **2**. |
| |
| |

**Ceist 13**

'Tá an-tóir ar an rothaíocht mar ghníomhaíocht saoire do theaghlaigh'

(*The Irish Times, Lúnasa 2020*)




**(a)** Pléigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le gníomhaíocht rothaíochta a chur san áireamh le linn saoire theaghlaigh.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| |
| **2.** |
| |
| |
| **3.** |
| |
| |

**(b)** Bíonn tú ag súil le haimsir ghrianmhar le haghaidh na saoire. Is foinse vitimín D é solas na gréine.

**(i)** Mol **dhá** fhoinse bhia do vitimín D.

| |
|---|
| **1.** |
| **2.** |




**(ii)** Luaigh feidhm **amháin** agus easpa **amháin** a bhaineann le Vitimín D.

| |
|---|
| **Feidhm:** |
| |
| |
| **Easpa:** |
| |
| |

**(c)** Mol **trí** shlí ina bhféadfadh teaghlaigh iad féin a chosaint ar an ngrian.

| |
|---|
| **1.** |
| |
| **2.** |
| |
| **3.** |
| |

**(d)** **(i)** Lipéadaigh, tarraing sceitse agus déan cur síos ar conas a d'fhéadfá T-léine chadáis bhán a uaschúrsáil le húsáid ar shaoire theaghlaigh.
Bíodh tagairt agat don dath/do na dathanna agus do na greamanna i do fhreagra.

**Sceitse**




| **Cur síos** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(d)** **(ii)** Liostaigh **trí** phíosa trealaimh fuála a d'úsáid tú chun an T-léine a uaschúrsáil.


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **2.** | **3.** |

**(e)** Tá **dhá** cheann de na siombailí ón lipéad cúraim ar an T-léine thíos.

Cén t-eolas a chuireann gach siombail in iúl don tomhaltóir?



| |
|---|
| |
| |
| |



| |
|---|
| |
| |
| |

**(f)** Sainaithin **ceithre** shlí éagsúla ina bhféadfadh teaghlaigh airgead a shábháil chun íoc as an tsaoire theaghlaigh.



| |
|---|
| **1.** |
| |
| **2.** |
| |
| **3.** |
| |
| **4.** |
| |

Spás breise i gcomhair **Roinn B.**

Lipéadaigh an obair ar fad go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000.* Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Eacnamaíocht Bhaile

Dé Céadaoin, 15 Meitheamh
Maidin 9:30 - 11:00